**GA**

COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil10.12.2008
COIM(2008) 847 leagan deireanach

2008/0239 (COD)

**Togra le haghaidh**
**RIALACHÁN (CE) Uimh. .../2008 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1692/2006 lena mbunaítear an dara clár 'Marco Polo'**
**chun cúnamh airgeadais Comhphobail a dheonú chun**
**feidhmíocht chomhshaoil an chórais iompair lasta a fheabhsú ('Marco Polo II')**

{SEC(2008) 3021}
{SEC(2008) 3022}

(arna thíolacadh ag an gCoimisiún)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

# 1. ÁBHAR AN TOGRA

## 1.1. Forais agus cuspóirí an togra

Níl an dara clár Marco Polo ag comhlíonadh na gcuspóirí atá leagtha amach ina bhunús dlí go hiomlán maidir le haistriú modha agus le trácht a sheachaint. Cé go bhfuil an Clár ag baint aistriú modha suntasach amach dáiríre, taispeánann na torthaí ón dara glao ar thograí, in 2008, faoin dara clár Marco Polo, agus torthaí na meastóireachta seachtraí a rinneadh ar an gcéad chlár Marco Polo, nach dóigh go mbeidh an Clár in ann a chuspóir maidir le cuid shuntasach den fhás iomlán atá tuartha ar iompar idirnáisiúnta lasta de bhóthar san Eoraip a sheachaint ná a aistriú, mar a bheartaítear faoina bhunús dlí.

Níl a sprioc maidir le haistriú modha á baint amach ag cur chun feidhme chéad chlár Marco Polo, mar a léiríonn meastóireacht sheachtrach, a mheasann go mbainfear amach 64% den sprioc aistrithe modha[1]. Comhthacaíonn an leibhéal freagartha ar an dara glao faoin dara clár Marco Polo, a thaispeánann laghdú suntasach ar an aistriú modha iomlán atá beartaithe, leis an ráta rathúlachta seo. Ina theannta sin níor mheall na cineálacha nua gníomhartha a thugtar isteach leis an dara Clár seo, Mótarbhealaí na Farraige agus Seachaint Tráchta, dóthain iarratas (gan ach 9% de na tograí in 2007 agus 4% in 2008).

Tá sé mar aidhm ag na leasuithe atá beartaithe éifeacht an Chláir a mhéadú maidir leis an méid tona-ciliméadair a sheachnaítear nó a bhaintear de na bóithre, d'fhonn na spriocanna atá leagtha síos sa bhunús dlí a bhaint amach. Tá sé mar rún ag na bearta ar leith iarratais ar chistiúchán a spreagadh trí rannpháirtíocht fiontair bheaga a mhéadú, go háirithe cuideachtaí Iompair Uiscebhealaí Intíre, trí na tairseacha cáilitheachta a ísliú, trí dhéine na ndeontas a mhéadú agus trí phróisis riaracháin an Chláir a shimpliú.

### Meastóireacht ar an gClár

Foráiltear le hAirteagal 14 den Rialachán go ndéanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta maidir leis na torthaí a bhain an Clár Marco Polo amach don tréimhse 2003 go dtí 2006 a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus do Choiste na Réigiún. Má léiríonn an tuarascáil seo go bhfuil gá Clár Marco Polo II a oiriúnú, ní mór don Choimisiún moltaí a chur isteach dá réir sin.

Dá réir sin rinneadh meastóireacht neamhspleách ar an gClár[2] in 2007. Taispeánann torthaí na meastóirí an méid seo a leanas:

– Is straitéis chuí é le cur le córas iompair éifeachtach agus inbhuanaithe, agus comhlánaíonn sé idirghabhálacha eile de chuid an CE.

– Ba chóir breis tábhachta agus infheictheachta a thabhairt don éifeacht atá aige brú tráchta ar na bóithre a laghdú.

– Tá éifeacht giarála láidir aige ó thaobh infheistíochtaí suntasacha gnó a ghiniúint. Cuimsíonn gach euro den fhóirdheontas atá pleanáilte €20 de na costais cháilithe.

---

1 12 billiún tkm in aghaidh na bliana do MP I.

2 Le Ecorys. http://ec.europa.eu/dgs/energy_transport/evaluation/activites/reports_en.htm.

- Táthar ag súil go réadófar leis aistriú de 30.6 billiún tkm, ar ionann é agus 64% dá sprioc.
- Níl ach 73% den bhuiséad atá ar fáil curtha ag obair aige.
- Táthar ag súil go réadófar leis buntáistí seachtracha ar ionann iad le €650 i dtéarmaí laghduithe ar chostais brú tráchta, ar chostais chomhshaoil, ar chostais sábháilteachta iompair agus ar chostais eile.
- Measann iarratasóirí go bhfuil na céimeanna foirmiúla maidir le tograí a mheas agus na nósanna imeachta atá le comhlíonadh sula sínítear an conradh casta, nach bhfuil siad trédhearcach agus go mbíonn tamall fada ag teastáil ó thosaítear caibidlíochtaí faoin gconradh go dtí go sínítear an conradh.
- Ní raibh mórán teagmhálacha in aon chor idir an Coimisiún agus tairbhithe an tionscadail.

• Rinne na meastóirí na moltaí seo a leanas:

  - Fad tréimhse uasta na dtionscadal a shíneadh.
  - Na tairseacha do thionscadail Uiscebhealaí Intíre atá dírithe ar aistriú modha a ísliú.
  - Infheictheacht an Chláir a fheabhsú.
  - An ghné maidir le laghdú ar bhrú tráchta a dhéanamh níos infheicthe ag céim mheastóireachta an togra.
  - Treoracha atá áisiúil don úsáideoir a sholáthar ionas go mbeidh tuiscint iomlán ag na hiarratasóirí agus ag na tairbhithe ar na rialacha atá le comhlíonadh nuair atá iarratas á dhéanamh ar chistiúchán agus nuair atá na tionscadail á mbainistiú.

### 1.2. Comhthéacs ginearálta

Tá an clár Marco Polo ar cheann de na hionstraimí atá ann chun brú tráchta a laghdú mar chuid de straitéis beartais iompair chomhtháite an AE ina n-áirítear costais sheachtracha a inmheánú agus ionstraimí bunaithe ar an margadh a úsáid mar léiriú ar úsáid an bhonneagair.

Meastar san athbhreithniú meántéarma ar an bPáipéar Bán maidir le hIompar[3] go bhfuil na costais iomlána brú tráchta ionann le 1% de OTI an AE agus a chostas comhshaoil ionann le 1.1%. Tá clár Marco Polo ar cheann de na hionstraimí beartais iompair atá ag an AE chun dul i ngleic leis na costais sin. Is é is rathúla an Clár, is amhlaidh is ísle a bheidh na costais brú tráchta agus chomhshaoil.

Meastar sa mheastóireacht sheachtrach ar an gcéad chlár Marco Polo go bhfuiltear ag comhlíonadh 64% den chuspóir maidir le tkm a aistriú de na bóithre. Dá bhrí sin mura nglactar aon ghníomh, i gcomhthéacs líon laghdaitheach tograí agus tionscadal rathúil, ní éireoidh leis an dara clár Marco Polo céatadán rathúlachta níos airde a bhaint amach.

[3] COIM(2006) 314 leagan deireanach.

Thabharfadh sé sin le tuiscint nach gcomhlíonfaí an sprioc maidir le cuid shuntasach den fhás 60%[4] atá measta ar iompar idirnáisiúnta lasta de bhóthar a sheachaint nó a aistriú, ar ionann é agus 20.5 billiún tona-ciliméadar mar ghlanfhigiúr. Beidh iarmhairtí diúltacha aige seo maidir le costais bhreise bhonneagar bóithre, tionóiscí, brú tráchta, truailliú áitiúil agus domhanda, damáiste don chomhshaol agus neamhiontaofacht an tslabhra soláthair agus na bpróiseas loighistice.

### 1.3. Forálacha atá i bhfeidhm cheana féin i réimse an togra

Is é an bunús dlí reatha atá ag an gClár ná Rialachán (CE) Uimh. 1692/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena mbunaítear an dara clár ‘Marco Polo’ chun cúnamh airgeadais Comhphobail a dheonú chun feidhmíocht chomhshaoil an chórais iompair lasta a fheabhsú (‘Marco Polo II’) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1382/2003.

### 1.4. Comhsheasmhacht le beartais agus cuspóirí eile an Aontais

Tá sé mar aidhm ag beartas iompair an AE ardleibhéal soghluaisteachta a thairiscint do dhaoine agus do ghnóthaí ar fud an Aontais, agus ag an am céanna cosaint a thabhairt don chomhshaol ó na héifeachtaí diúltacha a bhíonn ag cúrsaí iompair. Baintear é sin amach trí chur le réimse leathan uirlisí beartais chun aistrithe chuig modhanna atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a bhaint amach, trí gach modh iompair a bharrfheabhsú agus trí dhíriú ar úsáid éifeachtach a bhaint as modhanna difriúla astu féin agus le chéile; ba chóir mar thoradh air seo ar fad go mbainfí úsáid shármhaith, inbhuanaithe as acmhainní.

Sa chomhthéacs sin is féidir idirdhealú a dhéanamh idir dhá chineál bearta:

– Bearta a bhfuil sé mar rún acu iomaíochas agus éifeachtúlacht comhshaoil gach modh iompair a mhéadú, go háirithe iad sin nach bhfuil an oiread brú tráchta ag baint leo agus atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, mar atá, loingseoireacht, iarnróid agus uiscebhealaí intíre.

– Bearta a bhfuil sé mar rún acu acmhainn agus éifeachtúlacht an chórais iompair ina iomláine a mhéadú le cistiúchán TEN-T (Líonraí Iompair Tras-Eorpach), cistí um Beartais Chomhtháthaithe (Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe) agus infheistíochtaí ó Bhallstáit agus ó oibreoirí príobháideacha.

Tá sé mar aidhm ag na bearta thuasluaite dáileachán sreafaí lasta níos éifeachtaí agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a bhaint amach de réir a chéile i measc na modhanna difriúla iompair. Tógfaidh sé roinnt blianta iad a thabhairt i gcrích áfach agus is é an clár Marco Polo an t-aon bheart ar leibhéal an Chomhphobail atá dírithe ar dháileachán sreafaí lasta a bheadh níos inghlactha ó thaobh an chomhshaoil a spreagadh sa bhfíor-ghearrthréimhse.

[4] Samhail PRIMES, san áireamh i dtuarascáil an Choimisiúin *‘European Energy and Transport trends to 2030’ (*‘Treochtaí Fuinnimh agus Iompair na hEorpa go dtí 2030’)

## 2. COMHAIRLIÚCHÁN LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNÚ IARMHARTA

### 2.1. Comhairliúchán le páirtithe leasmhara

Ar an 4.04.08 seoladh comhairliúchán poiblí ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin um Iomaíochas agus Nuálaíocht ( EACI), a dhéanann bainistiú ar an gclár thar ceann an Choimisiúin. Seoladh fógra maidir leis an bhfoilseachán seo trí ríomhphost faoi dhó chuig liosta ina raibh breis is 1500 teagmhálaí, lena n-áirítear ionadaithe as an tionscal a bhfuil baint acu le tionscadail Marco Polo a ullmhú agus a bhainistiú. Ar an 28.04.08 tíolacadh an comhairliúchán do chruinniú Líonra Chur Chun Cinn agus Pointí Fócais na Loingseoireachta Farraige Gairide. Ar an 23.05.08 tíolacadh an comhairliúchán do chruinniú Choiste Marco Polo.

Bhí an comhairliúchán seachtrach ar oscailt ón 4.04.08 go dtí an 30.05.08. Cuireadh 13 cheist chruinne leis an aidhm measúnú a dhéanamh ar inghlacthacht na leasuithe arna mbeartú ag an gCoimisiún. Ina theannta sin bhí ceist oscailte dheiridh mar chuid den cheistneoir chun tuairimí ginearálta a fháil. Fuarthas 97 tuairisceán ar an iomlán ó 20 Ballstát, agus ón Iorua agus an tSeirbia. Ní raibh ach 12% de na freagróirí nach raibh bainteach nó nach raibh sé i gceist acu a bheith bainteach le hiarratas Marco Polo, dá bhrí sin breithnítear go bhfuil breisluach na dtuairisceán ard.

Chuir an dá chruinniú bliantúla de Choiste Clár Marco Polo na mBallstát ar a chumas a bheith rannpháirteach go leanúnach sa chomhairliúchán.

### 2.2 Bailiú agus úsáid an tsaineolais

Rinneadh an measúnú iarmharta le hionchur i bhfoirm na 'Meastóireachta ar chlár Marco Polo (2003-2006)' a rinne Ecorys i mí na Samhna, 2007. Ar an dara foinse saineolais sheachtraigh bhí an tuarascáil Eatramhach de chuid staidéar a rinne Price Waterhouse Coopers maidir le Measúnú Iarmharta a bhain le ciste nuálaíochta a bhunú don earnáil Iompair Uiscebhealaí Intíre, ina bhfuil measúnú ar na héifeachtaí atá leis an dara rialachán Marco Polo a leasú.

### 2.3. Measúnú iarmharta

Bhain an measúnú iarmharta de thátal go dtabharfaidh athbhreithniú dírithe ar an mbunús dlí trí na bearta ar fad atá beartaithe a chur i bhfeidhm breisluach suntasach de bhrí:

- go bhfeabhsóidh sé éifeacht an Chláir i dtéarmaí na dtona-ciliméadair a sheachnófar nó a aistreofar.

- go mbainfidh sé amach dáileadh níos cothroime ar aistriú modha agus seachaint tráchta i measc modhanna iompair agus cineálacha tionscadal.

- go simpleoidh sé bunús dlí agus bainistiú an chláir agus mar thoradh air sin go laghdófar costais agus ualaí riaracháin, agus dá bhrí sin go meallfaidh sé breis cuideachtaí agus cinn bheaga a bhfuil eagla orthu i láthair na huaire roimh chasacht an chláir, nó díreach nach bhfuil in ann é a bhainistiú.

- go mbeidh éifeachtaí dearfacha aige maidir le dáileadh iltoiseach na n-éifeachtaí.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

### 3.1 Achoimre ar an ngníomh atá beartaithe

Tá sé mar aidhm ag na leasuithe atá beartaithe athbhreithniú teoranta a dhéanamh ar bhunús dlí (Rialachán (CE) Uimh. 1692/2006) an dara clár Marco Polo chun a chuid éifeacht a mhéadú i dtaca lena chuid cuspóirí seachanta tráchta agus aistrithe modha, arna dtomhas i dtéarmaí tona-ciliméadair. Tá ceithre chineál leasuithe beartaithe. Ar an gcéad dul síos, bearta chun rannpháirtíocht na bhfiontar beag a éascú; ar an dara dul síos, bearta chun na tairseacha cáilitheachta bunaithe ar thona-ciliméadair a ísliú; ar an tríú dul síos, déine cistiúcháin a ardú; agus ar an gceathrú dul síos, nósanna imeachta an Chláir a shimpliú.

### 3.2. Bunús dlí

Leagann Airteagail 71(1) agus 80(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh amach an creat d'idirghabháil an Chomhphobail in iompar idirnáisiúnta chuig críoch Ballstáit nó ar ais as nó dul trí chríoch Ballstáit amháin nó níos mó.

### 3.3. Prionsabal na coimhdeachta

Tá sé mar aidhm ag clár Marco Polo iarmhairt a bheith aige ar iompar bóthair idirnáisiúnta. Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí maidir le haistriú modha a ghnóthú go leordhóthanach agus dá bhrí sin, gur fearr, de bharr raon an Chláir seo, is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh.

### 3.4. Prionsabal na comhréireachta

Tá an togra i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta toisc go bhfuil idirghabháil an Chomhphobail i bhfad níos ísle ná a chuid éifeachtaí. Is é an déine deontais uasta reatha ná €1 in aghaidh 500 tona-ciliméadar a aistrítear de na bóithre, figiúr a chuirtear i gcomparáid leis na costais sheachtracha a shábhálann an t-aistriú modha sin ar ionann iad agus €9.15 ar an meán. Fiú amháin nuair a dhéantar an déine deontais a thabhairt suas chun dáta go dtí uasmhéid €2, coinnítear prionsabal na comhréireachta a bhaineann le hidirghabháil an Chomhphobail. Ar an lámh eile, taispeánann taithí roimhe seo leis an gClár go sainoidhríonn Euro amháin d'fhóirdheontas Marco Polo thart ar €20 in infheistíochtaí i dtionscadail a bhfuil sé mar aidhm acu córas iompair níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a fhorbairt.

### 3.5. Rogha Ionstraimí

An ionstraim atá beartaithe: Rialachán

Leasaíonn an Rialachán atá beartaithe Rialachán (CE) Uimh. 1692/2006 lena mbunaítear an dara clár 'Marco Polo' chun cúnamh airgeadais Comhphobail a dheonú chun feidhmíocht chomhshaoil an chórais iompair lasta a fheabhsú ('Marco Polo II') agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1382/2003.

**Togra le haghaidh**
**RIALACHÁN (CE) Uimh. .../2008 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1692/2006 lena mbunaítear an dara clár 'Marco Polo'**
**chun cúnamh airgeadais Comhphobail a dheonú chun feidhmíocht chomhshaoil an chórais iompair lasta a fheabhsú ('Marco Polo II')**

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 71(1) agus 80(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[5],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[6],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh[7],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tarraingíonn an Teachtaireacht[8] ón gCoimisiúin Keep Europe moving – Sustainable mobility for our continent – Mid term review of the European Commission's 2001 Transport White Paper' ('Coinnímis an Eoraip sa siúl – Soghluaisteacht inbhuanaithe dár n-ilchríoch - Athbhreithniú meántéarma ar an bPáipéar Bán um Iompar ón gCoimisiún Eorpach 2001') aird ar an gcumas atá ag an dara clár Marco Polo mar fhoinse maoiniúcháin chun roghanna eile ag baint úsáide as modhanna eile iompair a thairiscint d'oibreoirí ar bhóithre ar a bhfuil brú tráchta. Is gné bhunúsach amháin sa bheartas iompair reatha é an dara clár Marco Polo dá bhrí sin.

(2) Mura nglactar aon ghníomh cinnitheach, meastar go dtiocfaidh méadú de bhreis is 60% ar iompar lasta de bhóthar ina iomláine san Eoraip faoin mbliain 2013. Is í an éifeacht a bheadh aige sin faoi 2013 ná fás measta 20.5 billiún tona-ciliméadar ar lasta bóthair idirnáisiúnta in aghaidh na bliana don Aontas Eorpach, agus iarmhairtí diúltacha sa

---

5 IO.
6 IO...
7 IO...
8 COIM(2006) 314 leagan deireanach.

bhreis de dheasca costas bonneagair bóithre , tionóiscí, brú tráchta, truailliú áitiúil agus domhanda, damáiste don chomhshaol agus neamhiontaofacht an tslabhra soláthair agus na bpróiseas loighistice.

(3) D'fhonn dul i ngleic leis an bhfás seo, caithfear úsáid níos mó a bhaint as loingseoireacht farraige ghairid, as iarnróid agus as uiscebhealaí intíre ná mar a dhéantar faoi láthair, agus is gá tionscnaimh chumhachtacha bhreise a spreagadh ón earnáil iompair agus loighistice, chun dearcaí nua agus úsáid nuálaíochtaí teicniúla a spreagadh i ngach ceann dár modhanna iompair agus ina gcuid bainistíochta.

(4) De réir Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1692/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena mbunaítear an dara clár 'Marco Polo' chun cúnamh airgeadais Comhphobail a dheonú chun feidhmíocht chomhshaoil an chórais iompair lasta a fheabhsú ('Marco Polo II') agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1382/2003[9] tá an Coimisiún chun meastóireacht a dhéanamh ar Chlár Marco Polo II agus cuirfidh sé moltaí isteach chun an Clár a oiriúnú más gá.

(5) Mheas meastóireacht sheachtrach ar thorthaí chéad chlár Marco Polo nach mbainfeadh an Clár amach a chuid cuspóirí i dtaca le haistriú modha agus tugadh roinnt moltaí maidir le héifeacht an Chláir a fheabhsú.

(6) Rinne an Coimisiún anailís iarmharta ar na bearta arna moladh sa mheastóireacht sheachtrach agus ar bhearta eile atá dírithe ar éifeachtúlacht an Chláir a mhéadú. Thaispeáin an anailís seo go bhfuil gá le roinnt leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1692/2006 chun rannpháirtíocht na bhfiontar beag a éascú, chun tairseacha cáilitheachta an tionscadail a ísliú, chun an déine cistiúcháin a mhéadú agus chun nósanna imeachta cur chun feidhme agus riaracháin an Chláir a shimpliú.

(7) Ba cheart rannpháirtíocht na bhfiontar beag sa Chlár a mhéadú trí ligean do ghnóthais aonair iarratas a dhéanamh ar chistiúchán agus trí na tairseacha cáilitheachta do thograí arna gcur isteach ag cuideachtaí iompair uiscebhealaí intíre a ísliú.

(8) Ba cheart na tairseacha cáilitheachta do thograí ar chistiúchán a ísliú agus a chur in iúl i dtéarmaí na dtona-ciliméadair a aistrítear in aghaidh na bliana, ach amháin i gcás Comhghníomhartha Foghlama. Níl aon ghá breise le tairseach sainiúil a bhainfeadh le gníomhartha Seachanta Tráchta agus bunaítear fad tréimhse íosta tionscadail den chineál seo tionscadail agus do thionscadail Chatalaíocha agus Mhótarbhealaí na Farraige.

(9) Ba chóir an déine cistiúcháin a mhéadú trí shainmhíniú a thabhairt isteach maidir le 'lasta', d'fhonn an ghné iompair a chur san áireamh nuair atá an t-aistriú modha á ríomh, agus síntí eisceachtúla a cheadú d'uastréimhse na dtionscadal i gcás tionscadal a mbíonn moill ag baint lena dtosú. Ba chóir an déine cistiúcháin atá tugtha chun dáta ó €1 go €2 i ndiaidh an nós imeachta arna sholáthar i litir d), pointe 2 d'Iarscríbhinn I a léiriú.

---

[9] IO L 328, 24.11.2006, lch. 1.

(10) D’fhonn cur chun feidhme an Chláir a shimpliú ba chóir Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1692/2006 maidir le coinníollacha cistiúcháin do bhonneagar coimhdeach a scriosadh. Ina theannta sin ba chóir deireadh a chur leis an nós imeachta coisteolaíochta chun tionscadail atá le cistiú a roghnú ar bhonn bliantúil agus ba chóir na rialacha mionsonraithe chun tionscadail a roghnú a bheith infheidhme ar feadh cúpla bliain.

(11) Ba chóir nasc níos sonraithe a bhunú idir an Clár agus creat an Líonra Iompair tras-Eorpaigh do Mhótarbhealaí na Farraige agus ba chóir na comaoineacha comhshaoil a leathnú chun costais sheachtracha iomlána na ngníomhartha a chur san áireamh.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1692/2006 a leasú dá réir.

(13) D’fhonn a áirithiú gur féidir na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar an mbealach is caoithiúla agus is gasta, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm chomh luath agus is féidir tar éis é a ghlactha.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1692/2006 mar seo a leanas:

1. In Airteagal 2 cuirtear pointe (p) isteach:

‘ciallaíonn ‘lasta’, chun críocha an aistrithe modha a ríomh, na hearraí a iompraítear móide an t-aonad iompair, lena n-áirítear a chuid codanna innealta. Breithneofar aonaid iompair fholmha a iompraítear ar aonad iompair eile mar fharadh chun críocha an aistrithe modha a ríomh.’

2. In Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad mhír 1:

‘1. Cuirfidh gnóthais atá bunaithe i mBallstáit nó i dtíortha rannpháirteacha gníomhartha isteach, mar a fhoráiltear i mír 3 agus i mír 4 d’Airteagal 3.’

3. Leasaítear Airteagal 5 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1, pointe (b):

‘gníomhartha Mótarbhealaí na Farraige; beidh gníomhartha den sórt sin laistigh den Aontas Eorpach comhsheasmhach le gnéithe thionscadal tosaíochta Mótarbhealaí na Farraige arna shainmhíniú i gcreat Chinneadh Uimh. 1692/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 1996 maidir le treoirlínte an Chomhphobail chun an líonra iompair tras-Eorpach a fhorbairt[10]’

(b) Scriostar an dara abairt i mír 2.

4. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

---

[10] IO L 228, 9.9.1996, lch.1.

‘Rialacha Mionsonraithe

Déanfar na rialacha mionsonraithe maidir leis na nósanna imeachta chun gníomhartha a chur isteach agus a roghnú a ghlacadh uair amháin i gcomhair thréimhse marthana an Chláir mar atá leagtha síos sa nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 10(2).’

5. Scriostar an dara abairt in Airteagal 7

6. Leasaítear Airteagal 9 mar seo a leanas:

(a) Sa chéad mhír, pointe (d) cuirtear na focail ‘fiúntais choibhneasta na ngníomhartha i dtéarmaí costais sheachtracha a laghdú’ in ionad na bhfocal ‘fiúntais choibhneasta chomhshaoil na ngníomhartha’.

(b) Scriostar an dara mír.

7. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14, mír 2:

Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta ar na torthaí atá bainte amach ag Clár Marco Polo don tréimhse 2003-2009 a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún faoin 30 Meitheamh 2011’

8. Scriostar an dara abairt sa dara mír d’Airteagal 15.

*Airteagal 2*

1. Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1692/2006.

2. Scriostar Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán 1692/2006.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa,*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle,*
*An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN I

## Coinníollacha cistiúcháin agus ceanglais de réir Airteagal 5(2

| Saghas Gnímh | A. Catalaíoch | B. Mótarbhealaí na Farraige | C. Aistriú modha | D. Seachaint tráchta | E. Comhfhoghlaim |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Airt. 5(1)(a)** | **Airt. 5(1)(b)** | **Airt. 5(1)(c)** | **Airt. 5(1)(d)** | **Airt. 5(1)(e)** |
| **1. Coinníollacha cistiúcháin** | **(a) bainfidh an gníomh catalaíoch a chuid cuspóirí amach laistigh d'uastréimhse 60 mí, agus beidh sé fós inmharthana tar éis na tréimhse sin, de réir tuair phlean gnó réalaíoch;** | **(a) bainfidh gníomh mótarbhealaí na farraige (MnF) a chuid cuspóirí amach laistigh d'uastréimhse 60 mí, agus beidh sé fós inmharthana tar éis na tréimhse sin, de réir tuair phlean gnó réalaíoch;** | **(a) bainfidh gníomh an aistrithe modha a chuid cuspóirí amach laistigh d'uastréimhse 36 mí, agus beidh sé fós inmharthana tar éis na tréimhse sin, de réir tuair phlean gnó réalaíoch;** | **(a) bainfidh an gníomh seachanta tráchta a chuid cuspóirí amach laistigh d'uastréimhse 60 mí, agus beidh sé fós inmharthana tar éis na tréimhse sin, de réir tuair phlean gnó réalaíoch;** | **(a) tiocfaidh feabhas ar sheirbhísí tráchtála sa mhargadh mar thoradh ar an ngníomh comhfhoghlama, agus go háirithe cuirfear chun cinn agus/nó éascófar seachaint tráchta bóthair nó aistriú modha ó na bóithre go dtí loingseoireacht farraige ghairid, iompar iarnróid agus uiscebhealaí intíre, trí bhíthin comhoibriú a fheabhsú agus fios gnó a roinnt; mairfidh sé ar feadh 24 mí ar a mhéid;** |

| Saghas Gnímh | A. Catalaíoch | B. Mótarbhealaí na Farraige | C. Aistriú modha | D. Seachaint tráchta | E. Comhfhoghlaim |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Airt. 5(1)(a)** | **Airt. 5(1)(b)** | **Airt. 5(1)(c)** | **Airt. 5(1)(d)** | **Airt. 5(1)(e)** |
| | **(b) tá an gníomh catalaíoch nuálaíoch ar leibhéal Eorpach, maidir le loghistic, teicneolaíocht, modhanna, trealamh, táirgí, bonneagar nó seirbhísí a rinneadh;** | **(b) tá an gníomh MnF nuálaíoch ar leibhéal Eorpach, maidir le loghistic, teicneolaíocht, modhanna, trealamh, táirgí, bonneagar nó seirbhísí a rinneadh; cuirfear san áireamh freisin ardchaighdeán na seirbhíse, nósanna imeachta agus cigireachtaí simplithe, caighdeáin sábháilteachta agus slándála a chomhlíonadh, rochtain mhaith ar na calafoirt, naisc chúlchríocha éifeachtacha, agus seirbhísí calafoirt solúbtha éifeachtacha;** | **(b) ní dhéanfar aon saobhadh ar an iomaíocht sna margaí ábhartha mar thoradh ar an ngníomh aistrithe modha, go háirithe idir modhanna eile iompair le hais iompar bóthair ina aonar nó laistigh de gach modh, a bheidh contrártha leis an leas coiteann;** | **(b) tá an gníomh seachanta tráchta nuálaíoch ar leibhéal Eorpach, i dtaca le loghistic táirgeachta a lánpháirtiú isteach i loghistic iompair;** | **(b) tá an gníomh nuálaíoch ar leibhéal Eorpach;** |

| Saghas Gnímh | A. Catalaíoch | B. Mótarbhealaí na Farraige | C. Aistriú modha | D. Seachaint tráchta | E. Comhfhoghlaim |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Airt. 5(1)(a)** | **Airt. 5(1)(b)** | **Airt. 5(1)(c)** | **Airt. 5(1)(d)** | **Airt. 5(1)(e)** |
| | **(c) táthar ag súil go mbeidh aistriú modha dáiríre, a bheidh intomhaiste agus inbhuanaithe, ó bhóithre go loingseoireacht farraige ghairid, iompar iarnróid agus uiscebhealaí intíre mar thoradh ar an ngníomh catalaíoch;** | **(c) tá sé mar aidhm ag an ngníomh MnF seirbhísí idirmhódúla mórtoirte, ardmhinicíochta a spreagadh do chúrsaí iompair lasta trí loingseoireacht farraige ghairid, lena n-áirítear comhsheirbhísí lasta-paisinéirí mar is iomchuí, nó teaglaim de loingseoireacht farraige ghairid in éineacht le modhanna iompair eile ina mbíonn turais bóthair chomh gearr agus is féidir; ba cheart más féidir é go mbeadh seirbhísí iompair lasta cúlchríocha comhtháite trí iompar iarnróid agus/nó trí iompar uiscebhealaí intíre mar chuid den ghníomh;** | **(c) molann an gníomh aistrithe modha plean réalaíoch ina leagtar amach na céimeanna sonracha faoina bhféachfaidh sé lena chuid cuspóirí a bhaint amach;** | **(c) tá sé mar aidhm ag an ngníomh seachanta tráchta éifeachtúlacht níos mó a spreagadh i gcúrsaí iompair lasta idirnáisiúnta i margaí na hEorpa gan bac a chur ar fhás eacnamaíoch. Déanfar é seo trí dhíriú ar na próisis táirgeachta agus/nó dáileacháin a mhodhnú, trína mbainfear amach faid slí níos giorra, fachtóirí lódála níos mó, níos lú turasanna folmha, laghdú ar shreafaí dramhaíola, laghdú ar thoirt agus/nó ar mheáchan nó aon éifeacht eile a mbeadh laghdú suntasach ar iompar lasta de bhóthar mar thoradh uirthi, ach gan difear díobhálach a dhéanamh don aschur táirgeachta ná don fhórsa saothair;** | **(c) ní dhéanfar aon saobhadh ar an iomaíocht sna margaí ábhartha mar thoradh ar an ngníomh, go háirithe idir modhanna eile iompair le hais iompar bóthair ina aonar nó laistigh de gach modh sa mhéid go mbeadh sé contrártha leis an leas coiteann;** |

| Saghas Gnímh | A. Catalaíoch | B. Mótarbhealaí na Farraige | C. Aistriú modha | D. Seachaint tráchta | E. Comhfhoghlaim |
|---|---|---|---|---|---|
| | Airt. 5(1)(a) | Airt. 5(1)(b) | Airt. 5(1)(c) | Airt. 5(1)(d) | Airt. 5(1)(e) |
| | (d) molann an gníomh catalaíoch plean réalaíoch ina leagtar amach na céimeanna sonracha faoina bhféachfaidh sé lena chuid cuspóirí a bhaint amach agus ina n-aithnítear an gá atá le cúnamh stiúrtha an Choimisiúin; | (d) táthar ag súil go mbeidh aistriú modha dáiríre, a bheidh intomhaiste agus inbhuanaithe agus níos airde ná an ráta fáis atá tuartha d'iompar lasta de bhóthar, ó bhóithre go loingseoireacht farraige ghairid, iompar uiscebhealaí intíre nó iompar iarnróid mar thoradh ar an ngníomh MnF; | (d) nuair a éilíonn an gníomh go mbeifí ag brath ar sheirbhísí arna soláthar ag tríú páirtithe nach bhfuil mar chuid den chuibhreannas, cuirfidh an t-iarratasóir cruthúnas isteach maidir le nós imeachta trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach chun na seirbhísí ábhartha a roghnú. | | (d) molann an gníomh comhfhoghlama plean réalaíoch ina leagtar amach na céimeanna sonracha faoina bhféachfaidh sé lena chuid cuspóirí a bhaint amach agus ina n-aithnítear an gá atá le cúnamh stiúrtha an Choimisiúin. |

| Saghas Gnímh | A. Catalaíoch | B. Mótarbhealaí na Farraige | C. Aistriú modha | D. Seachaint tráchta | E. Comhfhoghlaim |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Airt. 5(1)(a)** | **Airt. 5(1)(b)** | **Airt. 5(1)(c)** | **Airt. 5(1)(d)** | **Airt. 5(1)(e)** |
| | **(e) ní dhéanfar aon saobhadh ar iomaíochas sna margaí ábhartha mar thoradh ar an ngníomh catalaíoch, go háirithe idir modhanna eile iompair le hais iompar bóthair ina aonar nó laistigh de gach modh, sa mhéid go mbeadh sé contrártha leis an leas coiteann;** | **(e) molann an gníomh MnF plean réalaíoch ina leagtar amach na céimeanna sonracha faoina bhféachfaidh sé lena chuid cuspóirí a bhaint amach agus ina n-aithnítear an gá atá le cúnamh stiúrtha an Choimisiúin;** | | **(d) molann an gníomh seachanta tráchta plean réalaíoch ina leagtar amach na céimeanna sonracha faoina bhféachfaidh sé lena chuid cuspóirí a bhaint amach agus ina n-aithnítear an gá atá le cúnamh stiúrtha an Choimisiúin;** | |

| Saghas Gnímh | A. Catalaíoch | B. Mótarbhealaí na Farraige | C. Aistriú modha | D. Seachaint tráchta | E. Comhfhoghlaim |
|---|---|---|---|---|---|
| | Airt. 5(1)(a) | Airt. 5(1)(b) | Airt. 5(1)(c) | Airt. 5(1)(d) | Airt. 5(1)(e) |
| | (f) nuair a éilíonn an gníomh go mbeifí ag brath ar sheirbhísí arna soláthar ag tríú páirtithe nach bhfuil mar chuid den chuibhreannas, cuirfidh an t-iarratasóir cruthúnas isteach maidir le nós imeachta trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach chun na seirbhísí ábhartha a roghnú. | (f) ní dhéanfar aon saobhadh ar an iomaíocht sna margaí ábhartha mar thoradh ar ghníomh MnF, go háirithe idir modhanna eile iompair le hais iompar bóthair ina aonar nó laistigh de gach modh, sa mhéid go mbeadh sé contrártha leis an leas coiteann; | | (e) ní dhéanfar aon saobhadh ar an iomaíocht sna margaí ábhartha mar thoradh ar an ngníomh seachanta tráchta, go háirithe maidir le modhanna eile iompair le hais iompair bóthair, sa mhéid go mbeadh sé contrártha leis an leas coiteann; | |

| Saghas Gnímh | A. Catalaíoch | B. Mótarbhealaí na Farraige | C. Aistriú modha | D. Seachaint tráchta | E. Comhfhoghlaim |
|---|---|---|---|---|---|
| | Airt. 5(1)(a) | Airt. 5(1)(b) | Airt. 5(1)(c) | Airt. 5(1)(d) | Airt. 5(1)(e) |
| | | **(g) nuair a éilíonn an gníomh MnF go mbeifí ag brath ar sheirbhísí arna soláthar ag tríú páirtithe nach bhfuil mar chuid den chuibhreannas, cuirfidh an t-iarratasóir cruthúnas isteach maidir le nós imeachta trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach chun na seirbhísí ábhartha a roghnú.** | | **(f) nuair a éilíonn an gníomh seachanta tráchta go mbeifí ag brath ar sheirbhísí arna soláthar ag tríú páirtithe nach bhfuil mar chuid den chuibhreannas, cuirfidh an t-iarratasóir cruthúnas isteach maidir le nós imeachta trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach chun na seirbhísí ábhartha a roghnú.** | |

| Saghas Gnímh | A. Catalaíoch | B. Mótarbhealaí na Farraige | C. Aistriú Modha | D. Seachaint tráchta | E. Comhfhoghlaim |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Airt. 5(1)(a)** | **Airt. 5(1)(b)** | **Airt. 5(1)(c)** | **Airt. 5(1)(d)** | **Airt. 5(1)(e)** |
| **2. Déine agus raon cistiúcháin** | **(a) Beidh cúnamh airgeadais an Chomhphobail i gcomhair gníomhartha catalaíocha teoranta d'uasmhéid 35 % den chaiteachas iomlán is gá chun cuspóirí an ghnímh a bhaint amach agus a thabhófar mar thoradh ar an ngníomh. Beidh caiteachas den sórt sin cáilithe i gcomhair cúnaimh airgeadais Chomhphobail, sa mhéid go mbeidh baint dhíreach aige le cur chun feidhme an ghnímh. Ní bheidh na costais cháilithe a bhainfidh le bonneagar coimhdeach níos mó ná 10% de na costais cháilithe iomlána don tionscadal.** | **(a) Beidh cúnamh airgeadais an Chomhphobail i gcomhair gníomhartha MnaF teoranta d'uasmhéid 35 % den chaiteachas iomlán is gá chun cuspóirí an ghnímh a bhaint amach agus a thabhófar mar thoradh ar an ngníomh. Beidh caiteachas den sórt sin cáilithe i gcomhair cúnaimh airgeadais Chomhphobail, sa mhéid go mbeidh baint dhíreach aige le cur chun feidhme an ghnímh. Ní bheidh na costais cháilithe a bhainfidh le bonneagar coimhdeach níos mó ná 10% de na costais cháilithe iomlána don tionscadal.** | **(a) Beidh cúnamh airgeadais an Chomhphobail i gcomhair gníomhartha aistrithe modha teoranta d'uasmhéid 35 % den chaiteachas iomlán is gá chun cuspóirí an ghnímh a bhaint amach agus a thabhófar mar thoradh ar an ngníomh. Beidh caiteachas den sórt sin cáilithe i gcomhair cúnaimh airgeadais Chomhphobail, sa mhéid go mbeidh baint dhíreach aige le cur chun feidhme an ghnímh. Ní bheidh na costais cháilithe a bhainfidh le bonneagar coimhdeach níos mó ná 10% de na costais cháilithe iomlána don tionscadal.** | **(a) Beidh cúnamh airgeadais an Chomhphobail i gcomhair gníomhartha seachanta tráchta teoranta d'uasmhéid 35 % den chaiteachas iomlán is gá chun cuspóirí an ghnímh a bhaint amach agus a thabhófar mar thoradh ar an ngníomh. Beidh caiteachas den sórt sin cáilithe i gcomhair cúnaimh airgeadais Chomhphobail, sa mhéid go mbeidh baint dhíreach aige le cur chun feidhme an ghnímh. Ní bheidh na costais cháilithe a bhainfidh le bonneagar coimhdeach níos mó ná 10% de na costais cháilithe iomlána don tionscadal.** | **(a) Beidh cúnamh airgeadais an Chomhphobail i gcomhair gníomhartha comhfhoghlama teoranta d'uasmhéid 50 % den chaiteachas iomlán is gá chun cuspóirí an ghnímh a bhaint amach agus a thabhófar mar thoradh ar an ngníomh. Beidh caiteachas den sórt sin cáilithe i gcomhair cúnaimh airgeadais Chomhphobail, sa mhéid go mbeidh baint dhíreach aige le cur chun feidhme an ghnímh.** |

| Saghas Gnímh | A. Catalaíoch | B. Mótarbhealaí na Farraige | C. Aistriú Modha | D. Seachaint tráchta | E. Comhfhoghlaim |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Airt. 5(1)(a)** | **Airt. 5(1)(b)** | **Airt. 5(1)(c)** | **Airt. 5(1)(d)** | **Airt. 5(1)(e)** |
| | **Beidh caiteachas arna thabhú ar an dáta ar a gcuirfear iarratas isteach faoin nós imeachta roghnúcháin nó ina dhiaidh sin cáilithe i gcomhair cúnaimh airgeadais Chomhphobail ar an gcoinníoll go mbeidh faomhadh deiridh tugtha do chistiúchán Comhphobail. Beidh ranníocaíocht i dtreo na gcostas a bhainfidh le sócmhainní sochorraithe ag brath ar an oibleagáid chun sócmhainní den sórt sin a úsáid fad agus a mhairfidh an cúnamh, go príomha don ghníomh, arna shainmhíniú ag an gcomhaontú fóirdheontais.** | **Beidh caiteachas arna thabhú ar an dáta ar a gcuirfear iarratas isteach faoin nós imeachta roghnúcháin nó ina dhiaidh sin cáilithe i gcomhair cúnaimh airgeadais Chomhphobail ar an gcoinníoll go mbeidh faomhadh deiridh tugtha do chistiúchán Comhphobail. Beidh ranníocaíocht i dtreo na gcostas a bhainfidh le sócmhainní sochorraithe ag brath ar an oibleagáid chun sócmhainní den sórt sin a úsáid fad agus a mhairfidh an cúnamh, go príomha don ghníomh, arna shainmhíniú ag an gcomhaontú fóirdheontais.** | **Beidh caiteachas arna thabhú ar an dáta ar a gcuirfear iarratas isteach faoin nós imeachta roghnúcháin nó ina dhiaidh sin cáilithe i gcomhair cúnaimh airgeadais Chomhphobail ar an gcoinníoll go mbeidh faomhadh deiridh tugtha do chistiúchán Comhphobail. Beidh ranníocaíocht i dtreo na gcostas a bhainfidh le sócmhainní sochorraithe ag brath ar an oibleagáid chun sócmhainní den sórt sin a úsáid fad agus a mhairfidh an cúnamh, go príomha don ghníomh, arna shainmhíniú ag an gcomhaontú fóirdheontais.** | **Beidh caiteachas arna thabhú ar an dáta a gcuirfear iarratas isteach faoin nós imeachta roghnúcháin nó ina dhiaidh sin cáilithe i gcomhair cúnaimh airgeadais Chomhphobail ar an gcoinníoll go mbeidh faomhadh deiridh tugtha do chistiúchán Comhphobail. Beidh ranníocaíocht i dtreo na gcostas a bhainfidh le sócmhainní sochorraithe ag brath ar an oibleagáid chun sócmhainní den sórt sin a úsáid fad agus a mhairfidh an cúnamh, go príomha don ghníomh, arna shainmhíniú ag an gcomhaontú fóirdheontais.** | **Beidh caiteachas arna thabhú ar an dáta a gcuirfear iarratas isteach faoin nós imeachta roghnúcháin nó ina dhiaidh sin cáilithe i gcomhair cúnaimh airgeadais Chomhphobail ar an gcoinníoll go mbeidh faomhadh deiridh tugtha do chistiú an Chomhphobail.** |

| Saghas Gnímh | A. Catalaíoch | B. Mótarbhealaí na Farraige | C. Aistriú modha | D. Seachaint tráchta | E. Comhfhoghlaim |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Airt. 5(1)(a)** | **Airt. 5(1)(b)** | **Airt. 5(1)(c)** | **Airt. 5(1)(d)** | **Airt. 5(1)(e)** |
| | | | | **(b) ní fhéadtar cúnamh airgeadais an Chomhphobail do ghníomhartha seachanta tráchta a úsáid chun tacú le gníomhaíochtaí gnó nó táirgeachta nach mbíonn aon bhaint dhíreach acu le cúrsaí iompair ná le cúrsaí dáileacháin.** | |
| | **(b) Socrófar an cúnamh airgeadais Comhphobail, arna chinneadh ag an gCoimisiún ar bhonn na dtona-ciliméadar a aistreofar ó bhóthar go loingseoireacht farraige ghairid, iompar iarnróid agus uiscebhealaí intíre, ar dtús báire ag EUR 2 i gcás gach aistrithe 500 tona-ciliméadar lasta bóthair. Féadfar an méid táscach sin a choigeartú, go háirithe, i gcomhréir le caighdeán an tionscadail nó leis an bhfíor-bhuntáiste comhshaoil a bhainfear amach.** | **(b) Socrófar an cúnamh airgeadais Comhphobail, arna chinneadh ag an gCoimisiún ar bhonn na dtona-ciliméadar a aistreofar ó bhóthar go loingseoireacht farraige ghairid, iompar iarnróid agus uiscebhealaí intíre, ar dtús báire ag EUR 2 i gcás gach aistrithe 500 tona-ciliméadar d'fharadh bóthair. Féadfar an méid táscach sin a choigeartú, go háirithe, i gcomhréir le caighdeán an tionscadail nó leis an bhfíor-bhuntáiste comhshaoil a bhainfear amach.** | **(b) Socrófar an cúnamh airgeadais Comhphobail, arna chinneadh ag an gCoimisiún ar bhonn na dtona-ciliméadar a aistreofar ó bhóthar go loingseoireacht farraige ghairid, iompar iarnróid agus uiscebhealaí intíre, ar dtús báire ag EUR 2 i gcás gach aistrithe 500 tona-ciliméadar d'fharadh bóthair. Féadfar an méid táscach sin a choigeartú, go háirithe, i gcomhréir le caighdeán an tionscadail nó leis an bhfíor-bhuntáiste comhshaoil a bhainfear amach.** | **(c) Socrófar an cúnamh airgeadais Comhphobail ar dtús báire ag EUR 2 i gcás gach 500 tona-ciliméadar nó 25 ciliméadar-feithicle d'fharadh bóthair a dhéanfar a sheachaint. Féadfar an méid táscach sin a choigeartú, go háirithe, i gcomhréir le caighdeán an tionscadail nó leis an bhfíor-bhuntáiste comhshaoil a bhainfear amach.** | |

| Saghas Gnímh | A. Catalaíoch | B. Mótarbhealaí na Farraige | C. Aistriú Modha | D. Seachaint tráchta | E. Comhfhoghlaim |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Airt. 5(1)(a)** | **Airt. 5(1)(b)** | **Airt. 5(1)(c)** | **Airt. 5(1)(d)** | **Airt. 5(1)(e)** |
| | **(c) I gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 10(2), féadfaidh an Coimisiún athscrúdú a dhéanamh, ó am go ham de réir mar is gá, ar fhorbairtí maidir leis na míreanna ar a bhfuil an ríomh seo bunaithe agus, más gá, méid an chúnaimh airgeadais Chomhphobail a chur in oiriúint dá réir sin.** | **(c) I gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 10(2), féadfaidh an Coimisiún athscrúdú a dhéanamh, ó am go ham de réir mar is gá, ar fhorbairtí maidir leis na míreanna ar a bhfuil an ríomh seo bunaithe agus, más gá, méid an chúnaimh airgeadais Chomhphobail a chur in oiriúint dá réir sin.** | **(c) I gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 10(2), féadfaidh an Coimisiún athscrúdú a dhéanamh, ó am go ham de réir mar is gá, ar fhorbairtí maidir leis na míreanna ar a bhfuil an ríomh seo bunaithe agus, más gá, méid an chúnaimh airgeadais Chomhphobail a chur in oiriúint dá réir sin.** | **(d) I gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 10(2), féadfaidh an Coimisiún athscrúdú a dhéanamh, ó am go ham de réir mar is gá, ar fhorbairtí maidir leis na míreanna ar a bhfuil an ríomh seo bunaithe agus, más gá, méid an chúnaimh airgeadais Chomhphobail a chur in oiriúint dá réir sin.** | |

| Saghas Gnímh | A. Catalaíoch<br><br>Airt. 5(1)(a) | B. Mótarbhealaí na Farraige<br><br>Airt. 5(1)(b) | C. Aistriú Modha<br><br>Airt. 5(1)(c) | D. Seachaint tráchta<br><br>Airt. 5(1)(d) | E. Comhfhoghlaim<br><br>Airt. 5(1)(e) |
|---|---|---|---|---|---|
| **3. Foirm agus fad tréimhse an chomhaontaithe fóirdheontais** | **Deonófar cúnamh airgeadais Comhphobail do ghníomhartha catalaíocha ar bhonn comhaontuithe fóirdheontais, le forálacha cuí do chúrsaí stiúrtha agus monatóireachta. De ghnáth, maireann na comhaontuithe seo 62 mí ar a mhéid, agus 36 mí ar a laghad. I gcás moilleanna neamhghnách maidir lena gcur chun feidhme a mbíonn dóthain call leo dar leis an tairbhí, is féidir síneadh eisceachtúil 6 mhí a bhronnadh.** | **Deonófar cúnamh airgeadais Comhphobail do ghníomhartha MnF ar bhonn comhaontuithe fóirdheontais, le forálacha cuí do chúrsaí stiúrtha agus monatóireachta. De ghnáth, maireann na comhaontuithe seo 62 mí ar a mhéid, agus 36 mí ar a laghad. I gcás moilleanna neamhghnách maidir lena gcur chun feidhme a mbíonn dóthain call leo dar leis an tairbhí, is féidir síneadh eisceachtúil 6 mhí a bhronnadh.** | **Deonófar cúnamh airgeadais Comhphobail do ghníomhartha aistrithe modha ar bhonn comhaontuithe fóirdheontais. De ghnáth, maireann na comhaontuithe seo 38 mí ar a mhéid. I gcás moilleanna neamhghnách maidir lena gcur chun feidhme a mbíonn dóthain call leo dar leis an tairbhí, is féidir síneadh eisceachtúil 6 mhí a bhronnadh.** | **Deonófar cúnamh airgeadais Comhphobail do ghníomhartha seachanta tráchta ar bhonn comhaontuithe fóirdheontais, le forálacha cuí do chúrsaí stiúrtha agus monatóireachta. De ghnáth, maireann na comhaontuithe seo 62 mí ar a mhéid, agus 36 mí ar a laghad. I gcás moilleanna neamhghnách maidir lena gcur chun feidhme a mbíonn dóthain call leo dar leis an tairbhí, is féidir síneadh eisceachtúil 6 mhí a bhronnadh.** | **Deonófar cúnamh airgeadais Comhphobail do ghníomhartha comhfhoghlama ar bhonn comhaontuithe fóirdheontais, le forálacha cuí do chúrsaí stiúrtha agus monatóireachta. De ghnáth, maireann na comhaontuithe seo 26 mí ar a mhéid, agus féadfar an tréimhse seo a shíneadh ar iarratas ón tairbhí, laistigh den chlúdach buiséadach tosaigh, ar feadh tréimhse breise 26 mí, má bhaintear torthaí dearfacha amach le linn an chéad 12 mhí d'fheidhmiú.** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ní bheidh cúnamh airgeadais Comhphobail in-athnuaite thar an uastréimhse 62 mí atá ordaithe, nó thar 68 mí i gcásanna eisceachtúla.** | **Ní bheidh cúnamh airgeadais Comhphobail in-athnuaite thar an uastréimhse 62 mí atá ordaithe, nó thar 68 mí i gcásanna eisceachtúla.** | **Ní bheidh cúnamh airgeadais Comhphobail in-athnuaite thar an uastréimhse 38 mí atá ordaithe, nó thar 44 mí i gcásanna eisceachtúla.** | **Ní bheidh cúnamh airgeadais Comhphobail in-athnuaite thar an uastréimhse 62 mí atá ordaithe, nó thar 68 mí i gcásanna eisceachtúla.** | **Ní bheidh cúnamh airgeadais Comhphobail in-athnuaite thar an uastréimhse 52 mí atá ordaithe.** |

| Saghas Gnímh | A. Catalaíoch<br><br>Airt. 5(1)(a) | B. Mótarbhealaí na Farraige<br><br>Airt. 5(1)(b) | C. Aistriú Modha<br><br>Airt. 5(1)(c) | D. Seachaint tráchta<br><br>Airt. 5(1)(d) | E. Comhfhoghlaim<br><br>Airt. 5(1)(e) |
|---|---|---|---|---|---|
| **4. Tairseach do luach an Chonartha** | **Beidh an tairseach fóirdheontais táscach íosta in aghaidh gach gnímh catalaígh ag 30 milliún tona-ciliméadar nó a choibhéis thoirtmhéadrach d'aistriú modha nó de sheachaint tráchta in aghaidh na bliana, lena chur i bhfeidhm thar shaolré iomlán an chomhaontaithe fóirdheontais;** | **Beidh an tairseach fóirdheontais táscach íosta in aghaidh gach gnímh MnF ag 250 milliún tona-ciliméadar nó a choibhéis thoirtmhéadrach d'aistriú modha in aghaidh na bliana, lena chur i bhfeidhm thar shaolré iomlán an chomhaontaithe fóirdheontais** | **Beidh an tairseach fóirdheontais táscach íosta in aghaidh gach gnímh aistrithe modha ag 80 milliún tona-ciliméadar nó a choibhéis thoirtmhéadrach d'aistriú modha in aghaidh na bliana, lena chur i bhfeidhm thar shaolré iomlán an chomhaontaithe fóirdheontais. Beidh gníomhartha aistrithe modha a mbeidh sé mar aidhm acu aistriú chuig iompar uiscebhealaí intíre a chur i bhfeidhm faoi réir tairseacha speisialta 17 milliún tona-ciliméadar nó a choibhéis thoirtmhéadrach d'aistriú modha in aghaidh na bliana, lena chur i bhfeidhm thar shaolré iomlán an chomhaontaithe fóirdheontais.** | **Beidh an tairseach fóirdheontais táscach íosta in aghaidh gach gnímh seachanta tráchta ag 80 milliún tona-ciliméadar nó 4 mhilliún ciliméadar feithicle d'iompar lasta a dhéanfar a sheachaint in aghaidh na bliana, lena chur i bhfeidhm thar shaolré iomlán an chomhaontaithe fóirdheontais** | **Beidh an tairseach fóirdheontais táscach íosta in aghaidh gach gnímh comhfhoghlama ag EUR 250 000.** |

| Saghas Gnímh | A. Catalaíoch<br><br>Airt. 5(1)(a) | B. Mótarbhealaí na Farraige<br><br>Airt. 5(1)(b) | C. Aistriú Modha<br><br>Airt. 5(1)(c) | D. Seachaint tráchta<br><br>Airt. 5(1)(d) | E. Comhfhoghlaim<br><br>Airt. 5(1)(e) |
|---|---|---|---|---|---|
| **5. Scaipeadh** | **Scaipfear torthaí agus modhanna na ngníomhartha catalaíocha, agus spreagfar dea-chleachtais a mhalartú, mar atá sonraithe i bplean scaipthe, d'fhonn cuidiú chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach.** | **Scaipfear torthaí agus modhanna na ngníomhartha MnF, agus spreagfar dea-chleachtais a mhalartú, mar atá sonraithe i bplean scaipthe, d'fhonn cuidiú chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach.** | **Ní fhoráiltear do ghníomhartha scaipthe sonracha do ghníomhartha aistrithe modha.** | **Scaipfear torthaí agus modhanna na ngníomhartha seachanta tráchta, agus spreagfar dea-chleachtais a mhalartú, mar atá sonraithe i bplean scaipthe, d'fhonn cuidiú chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach.** | **Scaipfear torthaí agus modhanna na ngníomhartha comhfhoghlama, agus spreagfar dea-chleachtais a mhalartú, mar atá sonraithe i bplean scaipthe, d'fhonn cuidiú chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach.** |

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

**AINM AN TOGRA :**

Leasú ar Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an dara clár 'Marco Polo' chun cúnamh airgeadais Comhphobail a dheonú chun feidhmíocht chomhshaoil an chórais iompair lasta a fheabhsú ('Marco Polo II')

**CREAT ABM / ABB**

Réimse/réimsí beartais lena mbaineann agus aon Ghníomhaíocht ghaolmhar/Gníomhaíochtaí gaolmhara.

06: Fuinneamh agus iompar

06 02: Iompar intíre, aeir agus muirí

06 01: Caiteachas riaracháin ar an réimse beartais Fuinnimh agus Iompair

**LÍNTE BUISÉID**

06 01 04 01: Clár Marco Polo II: Caiteachas ar Bhainistíocht riaracháin

06 01 04 32: An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Iomaíochas agus Nuálaíocht – Fóirdheontas Marco Polo II

06 02 06: Clár Marco Polo II

Fad tréimhse an ghnímh agus na hiarmharta airgeadais:

Ag tosú: 2010 críoch: 2015

Tréithe buiséadacha:

| **Líne Buiséid** | **Saghas caiteachais** | | **Nua** | **Ranníocaíocht CSTE** | **Ranníocaíochtaí na dtíortha is iarrthóirí** | **Ceannteideal sa pheirspictíocht airgeadais** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 06 01 04 01 | Neamh-éigeantach | Neamh-dhifreáilte | NÍL | TÁ | TÁ | 1a |
| 06 01 04 32 | Neamh-éigeantach | Neamh-dhifreáilte | NÍL | TÁ | TÁ | 1a |
| 06 02 06 | Neamh-éigeantach | Difreáilte | NÍL | TÁ | TÁ | 1a |

## ACHOIMRE AR NA hACMHAINNÍ

### Acmhainní Airgeadais

Achoimre ar na leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí (LO) agus leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí (LÍ)

*EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)*

| **Saghas caiteachais** | Uimh. c oda | | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Caiteachas oibriúcháin**[11] | | | | | | | | | |
| Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí (LO) | 8.1 | a | 62.275 | 64.200 | 68.100 | 71.100 | | | 265.675[12] |
| Leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí (LÍ) | | b | | 24.910 | 31.908 | 43.001 | 63.563 | 102.293 | 265.675 |
| **Caiteachas riaracháin laistigh den mhéid tagartha**[13] | | | | | | | | | |
| Cúnamh teicniúil agus riaracháin – (LN) | 8.2.4 | c | 1.725 | 1.800 | 1.900 | 1.900 | 1.392 | 1.421 | 10.138 |
| **AN MÉID TAGARTHA IOMLÁN** | | | | | | | | | |
| **Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí** | | **a+c** | **64.000** | **66.000** | **70.000** | **73.000** | **1.392** | **1.421** | **275.813** |
| **Leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí** | | **b+c** | **1.725** | **26.710** | **33.808** | **44.901** | **64.955** | **103.714** | **275.813** |
| **Caiteachas riaracháin nach n-áirítear sa mhéid tagartha**[14] | | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna agus caiteachas gaolmhar (LN) | 8.2.5 | d | 0.317 | 0.317 | 0.317 | 0.317 | 0.317 | 0.317 | 1.902 |
| Speansais riaracháin amach ó acmhainní daonna agus costais ghaolmhara, nach n-áirítear sa mhéid tagartha (LN) | 8.2.6 | e | | | | | | | |

### Costas táscach airgeadais iomlán na hidirghabhála

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **LO IOMLÁN agus costas na n-acmhainní daonna san áireamh** | | a+c +d+ e | 64.317 | 66.317 | 70.317 | 73.317 | 1.709 | 1.738 | 277.715 |

---

11 Caiteachas nach dtagann faoi Chaibidil xx 01 de Theideal xx lena mbaineann.

12 D'fhéadfaí suim 20 M€ a chur leis idir 2010 agus 2013 chun an suim nár forgníomhadh in 2008 agus a aistríodh chuig clár eile in 2008 a chur ar ais

13 Caiteachas laistigh d'Airteagal xx 01 04 de Theideal xx.

14 Caiteachas laistigh de chaibidil xx 01 seachas airteagail xx 01 04 nó 01 05.

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **LÍ IOMLÁN agus costas na nAcmhainní Daonna san áireamh** | | b+c +d+ e | 2.042 | 27.027 | 34.125 | 45.218 | 65.272 | 104.031 | 277.715. |

**Comhoiriúnacht leis an gClárú Airgeadais**

Tá an togra ag luí leis an gclárú airgeadais atá ann cheana.

**Iarmhairt Airgeadais ar Ioncam**

Níl impleachtaí airgeadais ag an togra i leith ioncaim

**Acmhainní Daonna** FTE (lena n-áirítear oifigigh, foireann shealadach agus sheachtrach) **–** féach ar na sonraí faoi phointe 8.2.1.

| **Riachtanais bhliantúla** | Bliain n | n + 1 | n + 2 | n + 3 | n + 4 | n+5 agus níos déanaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon iomlán na n-acmhainní daonna | 2.6 | 2.6 | 2.6 | 2.6 | 2.6 | 2.6 |

**SAINTRÉITHE AGUS CUSPÓIRÍ**

Níl cur chun feidhme chéad chlár Marco Polo ag comhlíonadh a sprioc aistrithe modha, arna léiriú ag meastóireacht sheachtrach, a mheasann go mbainfear amach 64% den sprioc aistrithe modha[15] . Comhthacaíonn an leibhéal freagartha ar an dara glao faoin dara clár Marco Polo leis an gcás seo, a thaispeánann laghdú suntasach ar an aistriú modha iomlán atá beartaithe. Ina theannta sin níor mheall na cineálacha nua gníomhartha a thugtar isteach leis an dara Clár seo, Mótarbhealaí na Farraige agus Seachaint Tráchta, dóthain iarratas (gan ach 9% de na tograí in 2007 agus 4% in 2008).

Glacadh dhá bheart cheana féin chun torthaí an Chláir a fheabhsú agus níor theastaigh aon athrú ar an Rialachán chuige sin: Ar an gcéad dul síos, rinneadh foinsiú allamuigh ar bhainistiú an Chláir chuig Gníomhaireacht Feidhmiúcháin a bhfuil saineolas acu ó thaobh tionscadail a bhainistiú, agus ar an dara dul síos, dúblaíodh an déine cistiúcháin do thionscadail ó €1 go €2 in aghaidh gach 500 tkm a aistríodh nó a seachnaíodh, d’fhonn breis tionscadal a mhealladh.

Ach ní leor na bearta seo agus tá athbhreithniú dírithe den Chlár molta, a thabharfaidh:

---

15 12 billiún tkm in aghaidh na bliana do MP I.

- méadú breise d’éifeacht an chláir,

- dáileachán níos cothroime ar thacaíocht an phobail do chineálacha tionscadail,

- simpliú suntasach ar bhunús dlí agus ar bhainistíocht an Chláir,

- laghdú suntasach ar chostais riaracháin chun an clár a bhainistiú,

- éifeacht dhearfach i dtéarmaí na mbuntáistí do limistéir imeallacha agus do thíortha nach bhfuil ina mbaill,

**An breisluach toisc an Comhphobal a bheith páirteach ann, comhchuibheas an togra le hionstraimí airgeadais eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann**

Mar a luadh sa tuarascáil mheastóireachta sheachtrach, is straitéis cuí é clár Marco Polo chun cur le córas iompair éifeachtach agus inbhuanaithe. Comhlánaíonn an clár freisin roghanna idirghabhála eile de chuid an CE, go háirithe na deontais don líonra TEN-T.

Déanfaidh na cuspóirí arna lorg leis na bearta atá molta an chomhsheasmhacht atá cheana féin ag cuspóirí an Chláir le beartais AE eile a threisiú.

D’fhonn imeacht ó na héifeachtaí díobhálacha a bheidh ag soghluaisteacht i dtéarmaí an fháis shubstaintiúil ar iompar lasta sna blianta amach romhainn, molann an t-athbhreithniú meántéarma ar an bPáipéar Bán maidir leis an gComhbheartas Iompair, ó Mheitheamh 2006, i measc bearta eile, leanúint den bheartas lasta a aistriú chuig na modhanna iompair is lú truaillithe agus is tíosaí ar fhuinneamh.

Tá aistriú modha agus comh-mhodhanna ar phéire de chuspóirí reatha bheartas iompair an Aontais a chuireann é i gcroílár straitéis Liospóin i dtaca le cúrsaí fáis agus fostaíochta. Tá an tsraith cuspóirí beartais iompair áit a bhfuil aistriú modha mar chuid de socraithe ar bhonn níos fadtéarmaí freisin, ag cothromú an géarghá atá le fás eacnamaíoch, leas sóisialta agus cosaint don chomhshaol i ngach rogha beartais.

Mar a luadh san athbhreithniú meántéarma ar an bPáipéar Bán maidir le hIompar, taobh amuigh den mhachnamh leanúnach maidir le bearta beartais a d’fhéadfaí a ghlacadh amach anseo, téitear i ngleic go díreach le brú tráchta an chórais iompair bóthair san AE agus le héifeachtúlacht chomhshaoil an chórais iompair trí chéile le bearta éagsúla atá á gcur i bhfeidhm i láthair na huaire nó a chuirfear i bhfeidhm go luath.

Ar leibhéal Ballstáit, tugann scéimeanna náisiúnta ar nós scéim Ecobonus, san Iodáil, aghaidh ar an gceist chéanna ar an leibhéal náisiúnta amháin agus ar feadh tréimhse ama theoranta. Ar aon nós leagann rialachán Marco Polo síos uasmhéid ar chúnamh an Chomhphobail a chuireann cúnamh náisiúnta a tugadh do nasc iompair an chonartha san áireamh.

Tá sé mar aidhm ag na bearta thuasluaite scaipeadh níos éifeachtaí agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a bhaint amach de réir a chéile ar shreafaí lasta i measc na modhanna difriúla iompair; ach tógfaidh sé cúpla bliain orthu a theacht i bhfeidhm agus is é clár Marco Polo

an t-aon ghníomh ar leibhéal an Chomhphobail a bhfuil sé mar aidhm aige laghdú brú tráchta a spreagadh go gearrthéarmach.

**Cuspóirí, torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus táscairí bainteacha an togra i gcomhthéacs an chreata ABM**

Samhlaítear 131 aschur ar feadh ceithre bliana (2010-2013), sin 36 idirghabháil as 120 togra ar an meán arna gcur isteach in aghaidh na bliana. Tugann sé sin ráta rathúlachta de thart ar cheann as gach trí cinn, atá riachtanach chun tograí a fháil ó na himreoirí is fearr sa mhargadh (féach tuarascáil ex-ante Marco Polo, caibidil 7 “Stakeholders’ consultation”(Comhairliúchán na bPáirtithe Leasmhara). Meastar gur ionann an déine cúnaimh airgeadais in aghaidh an aschuir ar an meán agus thart ar EUR 1.8 milliún. Meastar líon na dtona-ciliméadar a bheidh le seachaint nó le haistriú de na bóithre a bheith 60 billiún don tréimhse 2010-2013, 15 billiún tkm in aghaidh na bliana.

**Modh don Chur i gCrích**

Bainistiú Láraithe: Toscaireacht don Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Iomaíochas agus Nuálaíocht (EACI)

**MONATÓIREACHT AGUS MEASTÓIREACHT**

**Córas Monatóireachta**

Beidh deonú fóirdheontas bunaithe ar chonradh fóirdheontais caighdeánach na gComhphobal Eorpach. Beidh feidhm iomlán le forálacha monatóireachta, faisnéise agus iniúchóireachta an chonartha seo.

Beidh dlúthbhaint ag foireann EACI leis na tionscadail. Ag brath ar ghnéithe sonracha an tionscadail, ba chóir “bearta tionlacana” chun aschuir a scaipeadh nó a fhaire a chur san áireamh i bplean oibre agus i mbuiséad an tionscadail aonair.

**Meastóireacht**

Rinneadh meastóireacht sheachtrach ar Chlár Marco Polo II. Tá an tuarascáil mheastóireachta ar fáil ar shuíomh gréasáin AS TREN ag http://ec.europa.eu/dgs/energy_transport/evaluation/activites/reports_en.htm

**Téarmaí agus minicíocht meastóireachta sa todhchaí**

Déanfar meastóireacht in 2011 ar na torthaí a bhain Clár Marco Polo amach don tréimhse 2003-2009.

**BEARTA FRITH-CHALAOISE**

De bhrí gur conarthaí fóirdheontais caighdeánacha a bheidh sna conarthaí do na gníomhartha go léir atá samhlaithe, beidh feidhm leis na bearta frith-chalaoise atá infheidhme go ginearálta.

Beidh aschur follasach agus intomhaiste i ngach cineál gnímh. Ní bheidh na cineálacha fóirdheontais casta: caiteachas ar infheistíocht, agus costais a éireoidh as oibríochtaí. Féadtar na míreanna seo a

dheimhniú i bhfoirm sonraí, agus tá dóthain ábhar agus eolais ann trí bhíthin tionscadail PACT agus Marco Polo I chun measúnú eolasach a dhéanamh ar na contúirtí a bhaineann le calaois.

Beidh cuairteanna ar an láthair mar ghné leanúnach de gach tionscadal.

## SONRAÍ NA nACMHAINNÍ

### 8.1 Cuspóirí an togra i dtéarmaí a gcostais airgeadais

*Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí in EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)*

| (Ba chóir Ceannteidil na gcuspóirí, na ngníomhartha agus na n-aschur a thabhairt) | Saghas aschuir | Meán-chostas | 2010 | | 2011 | | 2012 | | 2013 | | 2014 | | 2015 | | IOMLÁN | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Líon aschur** | **Costas iomlán** | **Líon aschur** | **Costas iomlán** | **Líon aschur** | **Costas iomlán** | **Líon aschur** | **Costas iomlán** | **Líon aschur** | **Costas iomlán** | **Líon aschur** | **Costas iomlán** | **Líon aschur** | **Costas iomlán** |
| **CUSPÓIR OIBRIÚCHÁIN Uimh.1** [16] | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Gníomh 1: TKM aistrithe/seachanta | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **- Aschur 1** | **conradh** | **1.8** | **35** | **62.275** | **36** | **64.200** | **38** | **68.100** | **39** | **71.100** | | | | | **131** | **265.675** |
| COSTAS IOMLÁN | | **1.8** | **35** | **62.275** | **36** | **64.200** | **38** | **68.100** | **39** | **71.100** | | | | | **131** | **265.675** |

[16] Mar a chuirtear síos air faoi Mhír 5.3

8.2 Caiteachas Riaracháin

8.2.1 Líon agus saghas acmhainní daonna

| Cineálacha post | | Na baill foirne a mbeidh sé de chúram orthu an gníomh a bhainistiú ag baint úsáide as acmhainní atá ann cheana agus/nó acmhainní breise (an líon post/FTE) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **2010** | **2011** | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
| **Oifigigh nó foireann shealadach[17] (XX 01 01)** | **A*/AD** | **1.6** | **1.6** | **1.6** | **1.6** | **1.6** | **1.6** |
| | **B*, C*/AST** | **1** | **1** | **1** | **1** | **1** | **1** |
| **Foireann atá á maoiniú[18] ag airt. XX 01 02** | | | | | | | |
| **Foireann eile[19] arna maoiniú ag airteagal XX 01 04/05** | | | | | | | |
| IOMLÁN | | **2.6** | **2.6** | **2.6** | **2.6** | **2.6** | **2.6** |

*8.2.2.* Cur síos ar na cúraimí a thagann as an ngníomh

Sainmhíniú agus comhordú an Chláir
Aiseolas beartais don EACI
Cláir oibre bhliantúla a ghlacadh a fhónfaidh mar chinntí cistiúcháin
Ionadaíocht a dhéanamh ar an gCoimisiún ar Choiste an Chláir agus bearta a chur faoina bhráid a bheidh le glacadh i gcás nós imeachta coisteolaíochta
Tabhairt faoi chomhairliúcháin idir-sheirbhíse laistigh den Choimisiún
Meastóireachtaí straitéiseacha agus tairiscintí straitéiseacha
Gníomhaíochtaí a bhaineann le cinntí aisghabhála infheidhmithe a dhéanamh agus a thógáil.

8.2.3 Foinsí na n-acmhainní daonna (reachtúla)

Tá na poist leithdháilte i láthair na huaire do bhainistíocht an chláir

---

[17] Costas NACH gclúdaítear leis an méid tagartha
[18] Costas NACH bhfuil folaithe ag an méid tagartha
[19] Costas a chlúdaítear leis an méid tagartha

8.2.4 Caiteachas Riaracháin eile a fholaítear sa mhéid tagartha (06 01 04 32 – An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Iomaíochas agus Nuálaíocht –fóirdheontas do Marco Polo II)

*EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)*

| Líne Buiséid<br><br>(uimhir agus ceannteideal) | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | Bliain 2015<br><br>agus níos déanaí | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1 Cúnamh teicniúil agus riaracháin (lena n-áirítear costais ghaolmhara foirne)** | | | | | | | |
| Gníomhaireachtaí feidhmiúcháin[20] | 1.500 | 1.575 | 1.675 | 1.675 | 1.392 | 1.421 | 9.238 |
| Cúnamh teicniúil agus riaracháin eile | 0.225 | 0.225 | 0.225 | 0.225 | | | 900 |
| - *intra muros* | | | | | | | |
| - *extra muros (cothabháil TF)* | | | | | | | |
| **Cúnamh teicniúil agus riaracháin iomlán** | 1.725 | 1.800 | 1.900 | 1.900 | 1.392 | 1.421 | 10.138 |

8.2.5 Costas airgeadais na n-acmhainní daonna agus costais ghaolmhara nach n-áirítear sa mhéid tagartha

*EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)*

| Cineál acmhainní daonna | Bliain n | Bliain n+1 | Bliain n+2 | Bliain n+3 | Bliain n+4 | Bliain n+5<br><br>agus níos déanaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh agus foireann shealadach (XX 01 01) | 0.317 | 0.317 | 0.317 | 0.317 | 0.317 | 0.317 |
| Foireann atá á maoiniú ag Airteagal XX 01 02 (foireann chúnta, END, foireann ar conradh, etc.)<br><br>(sonraigh an líne sonrach buiséid) | | | | | | |

[20] Ba cheart tagairt a dhéanamh don ráiteas airgeadais reachtach sonrach le haghaidh na Gníomhaireachta/na nGníomhaireachtaí Feidhmiúcháin lena mbaineann.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas iomlán na nAcmhainní Daonna agus costais ghaolmhara (NACH n-áirítear sa mhéid tagartha)** | **0.317** | **0.317** | **0.317** | **0.317** | **0.317** | **0.317** |

Ríomh- ***Oifigigh agus Gníomhairí sealadacha***

*Ba chóir tagairt a dhéanamh do Phointe 8.2.1, más infheidhme*

*Bliain 2010 agus níos déanaí; 2.6 oifigeach (122.000 €/oifigeach/bliain)*